CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2023/1503 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Iúil 2023

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria ([1]) agus go háirithe Airteagal 30(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Bealtaine 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/255/CBES.

(2) Is cúis mhór imní don Chomhairle fós an staid sa tSiria. Tar éis níos mó ná 10 mbliana, is fada ó bheith thart atá an choinbhleacht sa tSiria agus tá sí fós ina húdar fulaingthe agus éagobhsaíochta.

(3) Tugann an Chomhairle dá haire go leanann réimeas na Siria dá bheartas cos ar bolg a shaothrú. Measann an Chomhairle gur gá éifeachtacht na mbeart sriantach atá i bhfeidhm a choinneáil ar bun agus a áirithiú, trína bhforbairt a thuilleadh agus a gcur chuige spriocdhírithe difreáilte á choimeád agus dálaí daonnúla mhuintir na Siria á gcur san áireamh. Measann an Chomhairle go bhfuil ábharthacht ar leith ag baint le catagóirí áirithe daoine agus eintiteas maidir le héifeachtacht na mbeart sriantach sin, i bhfianaise an chomhthéacs shonraigh atá ann i gcónaí sa tSiria.

(4) De réir measúnú ón gComhairle, tá tacaíocht mhíleata á tabhairt ag an Iaráin do réimeas na Siria. I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart duine amháin a bhfuil baint aige le córais aerchosanta a fhorbairt agus a sholáthar don tSiria a chur ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2013/255/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Iúil 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

([1]) IO L 147, 1.6.2013, lch. 14.

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an iontráil seo a leanas leis an liosta a leagtar amach i Roinn A (‘Daoine’) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘352	Fereydoun Mohammadi SAGHAEI فریدون محمدی سقایی	Dáta breithe: 1964; Náisiúntacht: Iaránach; Inscne: fireann	Is é Fereydoun Mohammadi Saghaei Leascheannasaí an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) Aerospace Force (Fórsa Aeraspáis Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí). Tá sé i gceannas ar thionscadal aerchosanta IGRC sa tSiria. Feidhmíonn an tionscadal sin i gcomhthéacs na tacaíochta a thugann an Iaráin do réimeas na Siria trí threalamh agus pearsanra míleata a chur chuig an tSiria. Tá Fereydoun Mohammadi Saghaei, dá bhrí sin, ag tacú le réimeas na Siria.	20.7.2023’.